2021.M57T

2021L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Déardaoin 17 Meitheamh     Maidin 9:30 – 12:30

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **Roinn 3** i gceistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A) Ceithre** gceist ar **Roinn 1 agus**

**(B) An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C) Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as Cuid 1,
Ceist **amháin** as Cuid 2,
agus cheist eile **AMHÁIN** as Cuid 1 nó Cuid 2.

**Tá gach ceist ar cómharc sa roinn seo.**

Déantús agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 40 marc |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ceithre gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó atá i g**Colún 1**.
Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i g**Colún 2**.
*(Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí sin.)*

| **Colún 1: Téarmaí** | | **Colún 2: Míniúcháin** | |
|---|---|---|---|
| **1.** | Cumasc | **A** | Tarlaíonn sé sin nuair a cheannaíonn cuideachta amháin níos mó ná 50% na scaireanna i gcuideachta eile. |
| **2.** | Barainneachtaí Scála | **B** | Oibríonn dhá ghnólacht in éineacht ar thionscadal ach fanann siad mar eintitis dhlíthiúla ar leith. |
| **3.** | Éadáil | **C** | Cuideachta a cheannach agus a cuid sócmhainní a dhíol chun an toradh d'infheisteoirí a mhéadú. |
| **4.** | Éagsúlú | **D** | Cónasctar dhá ghnólacht nó níos mó chun eintiteas dlíthiúil nua a dhéanamh. |
| **5.** | Comhghuaillíocht Straitéiseach | **E** | Chun an riosca a scaipeadh, ní bhíonn gnólacht ag brath ar mhargadh amháin ná ar tháirge amháin. |
| | | **F** | Titeann meánchostas táirgthe gach aonaid mar thoradh ar mhéadú ar an táirgeacht / ar bhulc-cheannach amhábhar. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** I gcomhthéacs cúrsaí gnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)

Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| EDT (*WTO*) | |
| DR (*CAM*) | |
| ILS (*EDI*) | |
| DRC (*CAD*) | |
| DIA (*JIT*) | |

**3.** Saincheadúnas bialainne is ea Camile Thai atá sláintiúil, inbhuanaithe agus neamhfhoirmiúil.

**(i)** Mínigh an téarma **saincheadú**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le saincheadúnas mar rogha i gcás **gnólacht nuathionscanta**.

**4.** Cuir ciorcal thart ar **an rogha cheart i ngach ceann** de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Má bhíonn barrachas polasaí níos mó ann beidh préimh an árachais **níos airde / níos ísle** dá thoradh**.**

**(ii)** Is é a thugtar ar an duine a ríomhann méid an chúitimh a íocfar le héilitheoir ná **Achtúire / Measúnóir**.

**(iii)** Ciallaíonn **slánaíocht / meon lánmhaith** nach féidir brabús a dhéanamh ar éileamh árachais.

**(iv)** Tagann **méadú / laghdú** ar an bpréimh mar thoradh ar ualú ar pholasaí árachais.

**(v)** Is é an prionsabal a bhíonn in úsáid ag cuideachta árachais a dhéanann iarracht ar aon chaillteanais a fháil ar ais in aghaidh tríú páirtí ná **ranníocaíocht / seachaíocht**.

**5.** Cuir isteach an ghníomhaireacht stáit cheart a fhreagraíonn don mhíniúchán cuí thíos.

| Míniúchán | Gníomhaireacht Stáit |
|---|---|
| Tugann an ghníomhaireacht stáit seo cúnamh d'fhiontraithe áitiúla chun gnó a bhunú agus a chur chun cinn. | |
| Tugann an ghníomhaireacht stáit seo cúnamh do ghnólachtaí dúchasacha chun forbairt a dhéanamh. | |
| Tacaíonn an ghníomhaireacht stáit seo le tionscal na turasóireachta agus oibríonn sí ar mhaithe le hÉirinn a chur chun cinn mar ionad turasóireachta. | |
| Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaireacht stáit seo infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go hÉirinn. | |

**6.** **(i)** Mínigh an téarma **iompórtálacha dofheicthe**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag **laghdú** ar iompórtálacha dofheicthe ar Chomhardú na nÍocaíochtaí.

**7.** Déan idirdhealú idir **slabhra ceannais** agus **réise rialúcháin**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**8.** Sholáthraigh Tíleanna agus Folcadáin Ghalánta Teo. an t-eolas airgeadais seo a leanas do 2020:

| | | |
|---|---|---|
| Glanbhrabús | €72,000 | Toradh ar Infheistíocht |
| Gnáth-scairchaipiteal Eisithe | €450,000 | |
| Iasacht Fhadtéarmach | €100,000 | |
| Tuilleamh Coinnithe | €26,000 | 2019 = 7% |

**(i)** Ríomh an **Toradh ar Infheistíocht (TAI)** d'úinéirí Thíleanna agus Folcadáin Ghalánta Teo. do 2020. Taispeáin d'fhoirmle agus do chuid oibre.

| **Do chuid oibre:** | **Toradh ar Infheistíocht 2020:** |
|---|---|
| | ____________________ |

**(ii)** Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann leis an athrú ar an Toradh ar Infheistíocht (TAI) a bhi ag Thíleanna agus Folcadáin Ghalánta Teo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**9.** **(i)** Déan idirdhealú idir **fiontraíocht** agus **bainistíocht**.

**(ii)** Mol sampla den fhiontraíocht i ngníomh i scoil.

**10.** Léirigh, agus samplaí á n-úsáid agat, an ról atá ag **grúpaí sainleasa** i gcúrsaí gnó.

**11**. Tá mórán cuideachtaí cógaisíochta domhanda lonnaithe in Éirinn.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |


**12.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann atá le baint as príobháidiú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

# Freagarleabhar do Roinn 2

## Treoracha

Tá na Ceisteanna do **Roinn 2** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, faoi mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar i gcúl an Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Níl cead agat peann luaidhe a úsáid ach amháin do sceitsí, do ghraif agus do léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021 – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 17 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:30

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus Roinn 3

## Déardaoin 17 Meitheamh – Maidin 9:30 - 12:30

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**
**An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i Roinn 2 AGUS**
**Trí** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

- Ceist **amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **amháin** as **Cuid 2**
- Agus cheist eile **AMHÁIN** as **Cuid 1** nó **Cuid 2**

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Fheidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo, tá 80 marc ag gabháil léi agus í bunaithe ar na hAonaid 3, 4 agus 5.**

Scríobh do fhreagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

## Naíolann Mhiriam



Bhunaigh Miriam Ní Bhróithe Naíolann agus Cúram Leanaí Mhiriam Teo. sa bhliain 2017. Soláthraíonn naíolann Mhiriam seirbhísí cúraim leanaí do leanaí idir trí mhí agus dhá bhliain déag d'aois. Tá sé mar aidhm ag Miriam a bheith mar an príomhsholáthraí seirbhísí cúraim leanaí sa cheantar faoi 2030. Tá sé mar fhís ag an ngnólacht an timpeallacht a sholáthar ina bhféadfaidh gach leanbh a chumas nó a cumas iomlán a bhaint amach in éineacht le foireann chairdiúil, ghairmiúil. Bainistíonn Miriam an gnólacht ó lá go lá. Leagann sí béim ar fhoireann den scoth a earcú agus a choinneáil. Cuireann Miriam na príomhtheachtaireachtaí go léir in iúl ag na cruinnithe foirne gach seachtain. In 2019 thosaigh Miriam ag déanamh taighde ar tháthcheangal a dhéanamh le hiomaitheoir. Tar éis dhá mhí dhéag i mbun idirbheartaíochta, cheannaigh Miriam gnólacht a bhíodh in iomaíocht léi agus a raibh trí cinn de naíolanna in aice láimhe aige.

Sular bhunaigh sí an gnólacht, is beag taithí a bhí ag Miriam ar bhuiséadú, ar árachas ná ar chúrsaí cánach. Mar úinéir gnólachta, áfach, bhí uirthi eolas a chur ar íocaíochtaí nua amhail rátaí tráchtála. Thuig Miriam go raibh sé riachtanach bheith cáin-chomlíontach. D'fhostaigh Miriam cuntasóir áitiúil lena chinntiú go n-íocfadh an chuideachta an cháin chuí ar a brabús. Fuair sí comhairle ó bhróicéir árachais freisin. Phléigh siad an gá a bhí le polasaithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ar fhaitíos chun an gnólacht a chosaint sa chás go ngortófaí leanbh sa naíolann. Ag an gcruinniú, tarraingíodh aird freisin ar an ngá a bhí le clúdach a bheith i bhfeidhm in aghaidh an riosca go mbeadh caillteanas airgeadais ann dá ndéanfadh ball foirne éileamh ar chúiteamh ar ghortú.

Gearrann Miriam táille níos airde ná aon cheann dá cuid iomaitheoirí sa cheantar. Bhí rath ar an straitéis sin mar tá liosta feithimh ag Naíolann Mhiriam do na seirbhísí cúraim leanaí go léir a sholáthraíonn sí. Tuigeann Miriam freisin gur gá an gnólacht a chur chun cinn. Cuireann an naíolann seirbhís bus ar fáil do leanaí bunscoile chuig an tseirbhís 'iarscoile' agus ar ais. Tá lógó na cuideachta ar an mbus. Gach bliain, déanann Miriam urraíocht ar fheisteas spóirt d'fhoirne spóirt faoi aois sa cheantar áitiúil. Is dóigh léi go bhfuil urraíocht agus feachtas gníomhach sna meáin shóisialta níos éifeachtaí ná íoc as fógraí. Nuair a dhéanann Miriam urraíocht ar fhoirne, éilíonn sí go mbeadh a lógó le feiceáil ar fheisteas na foirne agus go n-eagródh an fhoireann seisiún grianghrafadóireachta le nuachtáin áitiúla.

**(A)** Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuidíonn leis an rath atá ar Naíolann Mhiriam. (30)

**(B)** **(i)** Pléigh, agus tagairt agat don téacs, na cineálacha árachais ghnó a mholfá do Naíolann Mhiriam.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** chineál cánach a d'fhéadfadh Naíolann Mhiriam a íoc. (30)

**(C)** Déan measúnú ar an ngné den mheascadh margaíochta do Naíolann Mhiriam a bhaineann le **praghas** agus **cur chun cinn**. (20)

## Roinn 3 — 180 marc

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus cheist eile **AMHÁIN** as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




Is mian le Louise agus le Cormac a gcéad teach a cheannach. Thug siad cuairt ar shuíomh gréasáin CICT (*CCPC i mBéarla*) chun comhairle a fháil. Rinne siad tairiscint ar theach a thaitin leo agus glacadh léi. Shínigh siad a gconradh don mhorgáiste in oifig a n-aturnae agus fuair siad na heochracha dá réadmhaoin nua.

**(A)** Mínigh, agus úsáid á baint agat as samplaí nuair is cuí, **trí** ghné bhunriachtanacha a bhaineann le conradh bailí. (20)

**(B)** Déan measúnú ar ról an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT). (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál cúitimh atá ar fáil d’fhostaithe a dífhostaíodh go héagórach faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015. (20)

| **Ceist 2** | **Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Tá an boilsciú ar an ráta is ísle le 10 mbliana anuas!
>
> Curtha in oiriúint ó The Irish Times

**(A)** Léirigh an tionchar atá ag na hathróga eacnamaíochta seo a leanas ar ghnólachtaí Éireannacha:

**Rátaí úis** **Rátaí boilscithe** **Fostaíocht** (20)

**(B)** Seachas cáin, pléigh na bealaí éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i gcion ar an lucht saothair in Éirinn. (20)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Tá Forbairt pobail níos tábhachtaí anois ná riamh.

**(i)** Mínigh an téarma 'forbairt pobail'.

**(ii)** Déan cur síos ar na buntáistí **eacnamaíocha** agus **sóisialta** a bhaineann le forbairt pobail.

(20)

| **Ceist 3** | **Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



Aontaíodh conradh stairiúil saorthrádála idir an tSín agus 14 thír i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise i mí na Samhna 2020.
Cuireann bacainní trádála as go fóill don trádáil idir thíortha áirithe.

**(A)** Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na bacainní ar an tsaorthrádáil a úsáideann roinnt tíortha. (20)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **domhandú**.

**(ii)** Déan anailís ar an mbealach a bhfuil tionchar ag athruithe ar an ngeilleagar idirnáisiúnta ar chúrsaí gnó in Éirinn.

(20)

**(C)** Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon **dá** cheann de na polasaithe seo a leanas ar Éirinn:

**(i)** An Comhbheartas Talmhaíochta
**(ii)** An Beartas Iomaíochta
**(iii)** Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh. (20)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Reáchtáil Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI) ballóid i gcomhair gníomhaíocht thionsclaíoch i mí Dheireadh Fómhair 2020.

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis atá le haighnis chaidrimh thionsclaíoch.

**(ii)** Pléigh **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla atá ar fáil d'fhostaithe atá páirteach in aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir. (20)

**(B)** Déan cur síos ar chaidreamh comhoibritheach agus ar chaidreamh iomaíoch idir dhá tháirgeoir sa chineál céanna gnó. Bain úsáid as samplaí cuí chun tacú le do fhreagraí. (20)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Comhaontú idir an t-imreoir sacair Príomhroinne, Jack Wilshere, agus a chlub, West Ham, maidir le 'foirceannadh frithpháirteach chonradh an imreora lár páirce'.

Curtha in oiriúint ó the Irish Independent




**(i)** Mínigh an modh chun deireadh a chur le conradh dlíthiúil a bhfuil tagairt dó sa téacs thuas.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna eile chun deireadh a chur le conradh dlíthiúil. Tabhair sampla i ngach cás.

(20)

# Cuid 2
# Fiontraíocht

| **Ceist 5** | **Fiontraíocht/Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Prátaí Oidhreachta agus Sainphrátaí Fheirm Bhaile Mhic Éinigh**

Is feirmeoirí prátaí iad Maria Uí Fhloinn agus a fear céile, Dáithí. Chonaic Maria go raibh spás sa mhargadh chun tosú ag fás a gcuid sainphrátaí féin, Prátaí Corcra Violetta.
Anois soláthraíonn feirm Bhaile Mhic Éinigh a gcuid sainphrátaí do chócairí agus do bhialanna mór le rá.

**(A)** Pléigh na scileanna agus na tréithe fiontraíochta a shamhlófá le fiontraithe ar nós Maria agus Dáithí. (20)

**(B)** Léirigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh agus é i mbun caidrimh lena pháirtithe leasmhara éagsúla. (20)

**(C)** **(i)** Sainmhínigh an téarma **tarmligean**.

**(ii)** Déan cur síos ar na buntáistí:

- don bhainistíocht
- do na fostaithe

a bhaineann leis an tarmligean. (20)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

KERRY

Cuideachta mór le rá i gcúrsaí blais agus cothaithe is ea Grúpa Chiarraí. Tá Córas Bainistíochta Lánchàilíochta BLC (*TQM i mBéarla*), scéimeanna luacha saothair, agus obair foirne follasach i mórán cuideachtaí mór le rá amhail Grúpa Chiarraí.

**(A)** **(i)** Déan idirdhealú idir **foirmiú** agus **normú** mar chéimeanna i bhforbairt foirne.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann fostaithe i ngnólacht as **obair foirne.** (20)

**(B)** Pléigh na buntáistí do chuideachta amhail Grúpa Chiarraí a bhaineann le Córas Bainistíochta (BLC) a ghlacadh chuici féin. (15)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tairgeann gnólachtaí réimse de luachanna saothair chun baill foirne ardchumais a mhealladh.

**(i)** Mínigh na cineálacha luachanna saothair airgeadais agus neamhairgeadais seo a leanas.

**Coimisiú** **Plean Ceannaithe Scaireanna d'Fhostaithe** **Fleisc am**

**(ii)** Déan cur síos ar chineál **amháin** eile luacha saothair a spreagann fostaithe ardchumais, dar leat. (25)

| Ceist 7 | Gnó i nGníomh |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Meonta na Gealaí**

Bhunaigh na fiontraithe atá taobh thiar de Mheonta na Gealaí gnólacht a tháirgeann éadaí leapa atá bog, compordach agus álainn do leanaí agus do naíonáin.



**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha **agus** seachtracha ónar féidir le gnólachtaí smaointe a fháil do tháirgí nua. (20)

**(B)** Chuir Meonta na Gealaí an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir lena líne nua táirgí:

| | |
|---|---|
| Aschur tuartha (Díolacháin) | 30,000 aonad |
| Praghas Díola in aghaidh an aonaid | €15 |
| Costais Sheasta | €200,000 |
| Costais Athraitheacha in aghaidh an aonaid | €5 |

Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:

**(i)** An pointe meá ar mheá

**(ii)** An lamháil sábháilteachta ar an aschur tuartha

**(iii)** An brabús ar an aschur tuartha. (25)

**(C)** **(i)** Sainmhínigh an téarma **lamháil sábháilteachta**.

**(ii)** Pléigh teorainn **amháin** a bhaineann le hanailís mheá ar mheá nuair a bhíonn cinntí gnó á ndéanamh. (15)

| **Ceist 8** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



**Aimée Ní Chonghaile**

Thosaigh Aimée Ní Chonghaile ag obair taobh thiar de chuntar smididh nuair a bhí sí ina scoláire idirbhliana. Le linn di a bheith ar an ollscoil, shocraigh Aimee a gnólacht smididh féin a chruthú agus táirgí smididh a dhéanamh. Is branda smididh a bhfuil an-tóir air anois é 'Snoite ag Aimee'. Díoltar na táirgí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**(A)** Pléigh na trí dhúshlán thíos a thabhairt orthu mar ghnólacht nuathionscanta:

**Struchtúr Úinéireachta** **Táirgeadh** **Maoiniú** (20)

**(B)** Déan cur síos ar **na chéad cheithre** chéim de phróiseas forbartha táirge nua. (20)

**(C)** **(i)** Sainmhínigh an téarma **deighilt an mhargaidh**.

**(ii)** Léirigh **dhá** bhealach éagsúla ar féidir an margadh a dheighilt. (20)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

An Ardteistiméireacht, 2021 – Ardleibhéal

Gnó – Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin 17 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30